An Taisce
The National Trust for Ireland

Scoileanna-Glasa
An Taisce



# Clár na Scoileanna-Glasa

## Eolas Ginearálta

Is í **an Taisce** an phríomheagraíocht chomhshaoil in Éirinn. Is iomaí réimse atá faoina cúram aici, ó oidhreacht nádúrtha na talún, an aeir, an uisce na plandaí agus na hainmhithe, agus oidhreacht na bhfoirgneamh agus na ngairdíní. Úsáideann an Taisce na líonraí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta atá aige chun oideachas agus eolas a chur ar an bpobal, chun bonn eolais a chur faoina gcuid dtuairimí ar an timpeallacht agus an plé a dhéanann an pobal uirthi a threorú chomh maith le tionchar a imirt ar bheartais agus ar fhorbairt. Ar na straitéisí chun na haidhmeanna seo a bhaint amach tá tionscadail feasachta agus oideachais. Féach thíos Cláir an Aonaid Oideachais Comhshaoil:

Féachann **FEE (an Fhondúireacht um Oideachas Comhshaoil)** le hoideachas comhshaoil a chur chun cinn trí fheachtais a chur i gcrích agus feasacht a fheabhsú maidir leis an tábhacht a bhaineann le hoideachas comhshaoil. Tá sé comhdhéanta de líonra eagraíochtaí a thugann faoi thionscadail aonair ina dtíortha féin agus a ghlacann páirt in iarrachtaí idirnáisiúnta. Mar bhall Éireannach den FEE, déanann An Taisce comhordú ar na feachtais seo in Éirinn.

## Cláir Oideachais An Taisce:

**Clár na Scoileanna Glasa**
www.greenschoolsireland.org

**Cóstaí Glana**
www.cleancoasts.org

**Ambasadóirí na hAeráide**
www.climateambassador.ie

**Campas Glas**
www.greencampusireland.org

**An Glantachán Náisiúnta Earraigh**
www.nationalspringclean.org

**Foghlaim Faoi Fhoraoisí**
www.leafireland.org

**An Choill Bheag**
www.leafireland.org/themes/an-choill-bheag

**Globe**
www.globe.gov/web/ireland

**Tuairisceoirí Óga ar son an Chomhshaoil**
www.yreireland.org

**Aer Glan le chéile**
www.cleanairtogether.ie

**Slite Sabhiálte chun na Scoile**
www.saferoutestoschool.ie

**An Bhratach Ghorm**
www.beachawards.ie

**An Bhratach Ghlas do Pháirceanna**
www.greenflagaward.org


### Le tacaíocht ó:


An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
Department of Climate, Energy and the Environment

WRIGLEY
A Subsidiary of Mars, Incorporated

Údaráis Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Ag obair le chéile ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe



## Dearadh an lámhleabhar seo agus an inbhuanaitheacht mar bhuncloch.

**Is é misean na Scoileanna Glasa an Domhan a chosaint – is é sin, ár mbaile comhroinnte lena mbaineann muid go léir – agus teastaíonn uainn go mbeidh gach duine páirteach ann! Cuirimid fáilte ó chroí roimh rannpháirtithe ó gach cúlra, cultúr agus eitneachas, reiligiún agus córas creidimh, cumas, claonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne.**

**Dearadh an lámhleabhar seo le scrupall –** Rinneadh athdhearadh cruinn i 2024 agus é mar aidhm leis sin ná tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus an t-eispéireas léitheoireachta a fheabhsú do dhaltaí agus do mhúinteoirí araon. Cuireadh na bearta seo a leanas chun feidhme:

- Chun tomhaltas dúigh a laghdú, rinneadh dathanna cúlra soladacha a íoslaghdú, agus is dath dubh atá ar 75% den téacs a phriontáiltear.
- Ní shíneann aon saothar ealaíne go himeall an leathanaigh, rud a laghdaíonn úsáid dúigh a thuilleadh agus a chinntíonn comhsheasmhacht níos fearr agus priontáil á déanamh le printéirí scoile agus le fótachóipeálaithe.

**Dintiúir inbhuanaithe a phriontáil agus a dhearadh –**Chun an t-athdhearadh a fhorbairt, chomhoibríomar le TheFACTORY.ie, an stiúideo priontála agus dearadh grafach inbhuanaithe is mó in Éirinn. Táirgeadh sraith bheag cóipeanna clóite freisin a rinneadh de réir ord chun a chinntiú nár táirgeadh aon bharrachas. Rinneadh na leabhair seo a chur i gcló ar pháipéar 100% carbóin-chothromaithe agus athchúrsáilte ag baint úsáide as dúigh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Bhí na próisis deartha agus priontála araon á gcumhachtú ag grianfhuinneamh agus fuinneamh gaoithe féinghinte de chuid The FACTORY.

**Córas Aisghlactha** – Má tá cóip chlóite den lámhleabhar críochnaithe agat, seol ar ais é chuig **An Taisce, 5 Plás Foster, Baile Átha Cliath 2, D02V0P9.** Déanaimis ár ndícheall an oiread beatha agus is féidir a thabhairt do gach lámhleabhar.


**Bí aireach agus tú ag priontáil agus ag fótachóipeáil –** Ná priontáil ach na leathanaigh atá uait, cinntigh nach dtáirgeann tú ach an líon cóipeanna is gá, agus priontáil dhá thaobh nuair is féidir. Táimid go léir ag glacadh céimeanna beaga chun difríocht mhór a dhéanamh!

Scoileanna-Glasa
An Taisce

"Chabhraigh clár na Scoileanna Glasa lenár scoileanna a athrú ina rabhcháin den fheasacht chomhshaoil, glúin dár saoránaigh óga á spreagadh i dtreo a bheith airdeallach agus aireach ar a dtionchar, ar a bhfuil mórthimpeall orthu, ar a bhfuil luachmhar, álainn ach ar féidir a chailleadh, agus i dtreo a thuiscint gur maoir muid go léir ar an bpláinéad luachmhar, comhroinnte agus leochaileach seo."

**— An tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn**

# Céard atá i gceist le Scoileanna Glasa?



**Tá spéis mhór ag go leor daoine óga sa timpeallacht agus is mian leo athrú dearfach a dhéanamh sa timpeallacht atá mórthimpeall orthu. Is bealach iontach é clár na Scoileanna Glasa chun feasacht faoin timpeallacht a mhúscailt sa scoil ar fad ar bhealach a nascann le go leor ábhar curaclaim.**

Tá clár na Scoileanna Glasa bunaithe ar chur chuige EMAS (Éiceabhainistíocht agus Éiciniúchóireacht) an AE, agus tá ceithre phríomhghné i gceist:

**Is clár oideachais timpeallachta idirnáisiúnta é Scoileanna Glasa.** Cuireann sé bealach soiléir inrialaithe ar fáil do scoileanna trínar féidir gnéithe timpeallachta sa churaclam a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs laethúil na scoile. Is é An Fhondúireacht um Oideachas Comhshaoil [FOC] a reáchtálann na Scoileanna Glasa (a dtugtar "Éiceascoileanna" orthu go hidirnáisiúnta). Tá Scoileanna Glasa i mbreis agus 73 tír ar fud an domhain anois.

**Is clár iomlánaíoch é Clár na Scoileanna Glasa.** Féachann sé le feasacht agus le gníomh timpeallachta a dhéanamh mar dhlúthchuid de shaol agus d'éiteas scoile. Ba chóir go gcuimseodh sé seo scoláirí, múinteoirí, baill foirne neamhtheagaisc agus tuismitheoirí chomh maith leis an údarás áitiúil, na meáin agus gnóthaí áitiúla. Féachann Clár na Scoileanna Glasa le foghlaim a leathnú lasmuigh den seomra ranga chomh maith le tuairimí freagracha agus tiomantas a fhorbairt sa bhaile agus sa phobal trí chéile. Ní hamháin go bhfoghlaimíonn scoláirí an chaoi chun dul i mbun gnímh agus chun an timpeallacht a chosaint ach is iomaí scil inaistrithe a fhoghlaimíonn siad amhail smaointeoireacht chriticiúil, cumarsáid, ceannaireacht, obair foirne agus fadhbréiteach.

**Leid den Scoth!**

Logáil isteach ar www.greenschoolsireland.org chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gclár.

**Is clár agus scéim gradaim araon é Clár na Scoileanna Glasa.** Is féidir le lucht scoile ar bith a úsáideann na treoirlínte sa lámhleabhar seo an clár a chur in oiriúint dá gcuid riachtanas féin. Cé go gcaithfidh scoileanna gach gné riachtanach de Chlár na Scoileanna Glasa a chur i gcrích sula mbronnfar Bratach Ghlas orthu, ba cheart cuimhneamh gur clár solúbtha é agus go bhfuil a lán bealaí inar féidir le scoileanna stádas Scoileanna Glasa a bhaint amach mar sin. Tá gradam na Brataí Glaise seanbhunaithe faoi tráth seo agus é ina éicilipéad aitheanta a bhfuil ardmheas air.

**Clár fadtréimhseach is ea Clár na Scoileanna Glasa.** An gradam na Scoileanna Glasa a dtugadh breac-chuntas air thuas, is mar Bhratach Ghlas a bhronntar é. Is féidir an bhratach seo a chrochadh lasmuigh de scoil nó a chur ar taispeáint sa halla. Ba cheart cuimhneamh, áfach, gur ar son laghdú leanúnach a dhéanamh ar thionchar na scoile ar an timpeallacht a bhronntar an Bhratach Ghlas. Dá bhrí sin, caithfear an gradam a athnuachan gach dhá bhliain. Nascann sé seo le nádúr téamach Chlár na Scoileanna Glasa mar a thugtar cuntas air sin lámhleabhar seo

# Gnéithe idirnáisiúnta agus náisiúnta de 'Scoileanna Glasa'

## 'Éiceascoileanna' Idirnáisiúnta

Is tionscnamh de chuid FOC [An Fhondúireacht um Oideachas Comhshaoil] é 'Éiceascoileanna' agus tá cúpla ainm difriúil air i mballstáit éagsúla, m.sh.: Eco-Scholen sa Bheilg, 'Eco-schools' sa Ríocht Aontaithe, Scoileanna Glasa in Éirinn agus Umweltshule sa Ghearmáin (féach ar www.eco-schools.org le haghaidh tuilleadh eolais faoi seo). Cuireadh tús le 'Éiceascoileanna' sa bhliain 1994 mar threoirthionscadal sa Ríocht Aontaithe, sa Danmhairg, sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus sa Phortaingéil. In 2001, d'iompaigh 'Éiceascoileanna' ó bheith ina thionscnamh Eorpach go bheith ina thionscnamh idirnáisiúnta nuair a leathnaíodh é go dtí an Afraic, Meiriceá Theas, an Aigéine agus an Áise.

**Leid den Scoth!**

Tabhair cuairt ar www.ecoschools.global le haghaidh tuilleadh eolais

## Scoileanna Glasa na hÉireann

Is iad Eagraíochtaí Neamhrialtasacha [ENRann] [atá mar an ball den FOC sa tír rannpháirteach ina bhfuil siad lonnaithe) a fheidhmíonn na Scoileanna Glasa. Mar an ball FOC in Éirinn, is é An Taisce a chomhordaíonn an clár sa tír seo. Bunaíodh an clár in Éirinn sa bhliain 1997 agus tá sé imithe ó neart go neart gach bliain ó shin. Sa lá atá inniu ann, meastar go bhfuil Clár Scoileanna Glasa na hÉireann ar cheann de na cláir is rathúla ar domhan.

In Éirinn, reáchtáiltear Clár na Scoileanna Glasa i gcomhpháirt le hÚdaráis Áitiúla. D'éirigh go han-mhaith leis an gcomhpháirtíocht seo agus tá Údaráis Áitiúla ag obair i ndlúthchomhar le scoileanna. Ó bhí 2002 ann, tá Clár na Scoileanna Glasa ag feidhmiú mar chlár iomlán náisiúnta agus glacann 34 Chomhairle Contae agus Cathrach páirt ann.

Ar an gcaoi sin, is socrú comhoibrithe idir trí dhream (scoileanna, An Taisce agus Údaráis Áitiúla) é clár na Scoileanna Glasa. Áitiúla.

# Téamaí Scoileanna Glasa

**Pléitear roinnt mhaith téamaí faoi scáth Chlár na Scoileanna Glasa. Dírítear ar dtús ar bhruscar agus ar dhramhaíl a laghdú a oiread agus is féidir sula ndírítear ar na téamaí seo a leanas: fuinneamh, uisce, taisteal agus bithéagsúlacht.**

Le bheith chomh héifeachtach agus is féidir i mbun Clár na Scoileanna Glasa a chur i bhfeidhm, molann foireann Oifig na Scoileanna Glasa do scoileanna gan díriú ar na téamaí ar fad ag an am céanna. I dtús báire, cíorann scoileanna téama an bhruscair agus na dramhaíola agus, chuige sin, gheobhaidh siad faisnéis faoin mbealach is fearr chun Clár na Scoileanna Glasa a chur i bhfeidhm maidir le bruscar agus dramhaíl. Ní go dtí go n-athnuaitear an gradam sin is féidir díriú ar théamaí eile. Is de réir an oird thíos a thugtar faoi na téamaí:

## Príomhthéamaí Chlár na Scoileanna Glasa:

**1. Bruscar & Dramhaíl** - Fiosraítear tionchar an bhruscair agus na dramhaíola ar an timpeallacht agus bealaí praiticiúla chun an méid bruscair agus dramhaíola a dhéantar i scoil a laghdú agus a íoslaghdú.

**2. Uisce-** Tugtar buneolas faoina thábhachtaí agus atá uisce sa cheantar agus ar fud an domhain agus cuirtear ina luí ar dhaoine gur féidir úsáid uisce a laghdú go mór ach gníomhaíochtaí simplí a dhéanamh.

**3. Taisteal** - Moltar bealaí inar féidir le daltaí, le baill foirne agus leis an rialtas áitiúil obair le chéile chun aird a tharraingt ar chúrsaí iompair agus chun teacht ar réitigh phraiticiúla a dhéanfaidh fíordhifríocht do shaol laethúil na ndaltaí.

**4. Fuinneamh -** Moltar bealaí inar féidir le gach duine i scoil obair le chéile chun aird daoine a tharraingt ar chúrsaí fuinnimh agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú sa scoil.

**5. Bithéagsúlacht -** Fiosraítear na plandaí agus na hainmhithe atá i dtimpeallacht na scoile agus moltar bealaí chun cur leis an mbithéagsúlacht mórthimpeall na scoile chomh maith le cur le tuiscint na ndaltaí ar an mbithéagsúlacht agus ar an dúlra.

Nuair a bhíonn na chéad chúig théama déanta ag scoileanna, tugtar deis dóibh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhthéamaí agus gné dhomhanda a chur leo.

**Téamaí Saoránachta Dhomhanda:**
Fiosraigh na cearta atá againn agus na freagrachtaí atá orainn ina leith seo ar bhonn Náisiúnta, Eorpach agus Domhanda agus spreag baill foirne, scoláirí agus tuismitheoirí chun díriú ar na tionchair atá ag ár nósanna tomhaltais ar chodanna eile den domhan agus cruthaigh nasc le gach príomhthéama den chlár

**6. SD Brúscair & Dramhaíola**

**7. SD Fuinnimh**

**8. SD Muirthimpeallachta**

**9. SD Taistil**

**10. SD Bia & Bithéagsúlachta**

# Na buntáistí a bhaineann le Clár na Scoileanna Glasa agus na ceanglais a ghabhann leis

**Má thugann do scoil faoi Chlár na Scoileanna Glasa, beidh deis agaibh na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

- Cabhrú le scileanna a fhorbairt nach féidir le scoláirí déanamh gan iad san 21ú aois, amhail smaointeoireacht chriticiúil, fadhbréiteach, comhoibriú
- Scoláirí a chur ag glacadh páirte chun a bhféinmhuinín a chothú agus a dtuiscint ar shaoránacht a fhorbairt
- Ábhair churaclaim agus smaointe a sholáthar le haghaidh tionscadal agus imeachtaí
- Rochtain a fháil ar líonra de ghníomhaireachtaí tacaíochta
- Caidreamh a bhunú le scoileanna eile in Éirinn agus go hidirnáisiúnta
- Gradam mór le rá a fháil
- Poiblíocht áitiúil agus náisiúnta a dhéanamh
- Airgead a shábháil
- Dramhaíl agus bruscar a laghdú
- Timpeallacht na scoile a fheabhsú
- An méid fuinnimh agus uisce a ídítear a laghdú
- Díriú ar chúrsaí iompair mórthimpeall ar phobal na scoile agus iad a fheabhsú
- Pobal na háite a thabhairt isteach san obair agus cur le bithéagsúlacht
- Cabhrú le daoine óga a bheith ina saoránaigh níos feasaí, níos gníomhaí

**Ní mór:**

- tacaíocht an Phríomhoide agus an Bhoird Bhainistíochta a fháil
- a bheith sásta ligean do dhaoine óga a bheith páirteach i ndéanamh cinntí agus sna gníomhartha a dhéantar ag gach céim
- féachaint chuige go mbíonn lámh bheo ag baill foirne san obair agus go bhfaightear tacaíocht ó thuismitheoirí agus ó phobal na háite.

**Ceithre chéim Scéim an Ghradaim**

1. Clarú
2. Clár na Scoileanna Glasa a Chur i bhFeidhm
3. Cur isteach ar an ngradam
4. An gradam a athnuachan

Tabhair faoi deara: tá ceanglais íosta ann nach mór a chomhlíonadh agus caithfidh gach ceann de na seacht gcéim a bheith curtha i bhfeidhm ag an scoil sula féidir cur isteach ar ghradam. Tugtar mionchuntas ar gach ceann den seacht gcéim sin sna leathanaigh seo a leanas.

# Clárú



**Roimh do scoil a chlárú, ní mór a chinntiú go bhfuil a dhóthain tacaíochta agat ón bPríomhoide agus ó bhaill foirne eile. Molaimid go léifeadh duine amháin nó níos mó de phríomhbhaill foirne an lámhleabhar seo agus go gcuirfí breac-chuntas faoi Chlár na Scoileanna Glasa faoi bhráid chomhghleacaithe agus Bhord Bainistíochta na scoile.**

**Ba cheart béim a leagan ar an méid seo a leanas sa chur i láthair:**

1. Buntáistí don scoil;
2. Seacht mbunghnéithe mar a dhéantar cur síos orthu ar na leathanaigh seo a leanas;
3. Solúbthacht na scéime;
4. Go bhfuil sé i gceist tosú le spriocanna beaga indéanta;
5. Gur clár fadtréimhseach é;
6. An mianach atá sa chlár a bheith mar bhunús ónar féidir beartas i leith oideachas timpeallachta a fhorbairt don scoil ar fad.

Má léirítear dúil a dhóthain sa smaoineamh chun leanúint ar aghaidh leis, beidh ort do scoil a chlárú. Is féidir leat clárú am ar bith i rith na bliana. Gheobhaidh tú litir chlárúcháin mar aon le leabhrán téamaí na Scoileanna Glasa. Cláraigh ar www.greenschoolsireland.org. Gheobhaidh tú deimhniú ar chlárú mar aon le nasc chuig leabhrán téamaí na Scoileanna Glasa.

> "an tslí is fearr an todhchaí a mheas ná í a chruthú."
>
> — **Peter Drucker**

# Clár 7 gCéim na Scoileanna Glasa

Tá Clár na Scoileanna Glasa bunaithe ar sheacht gCéim. Tá na céimeanna seo leagtha amach thíos:



**1 Coiste na Scoileanna Glasa**



**2 An tAthbhreithniú Comhshaoil**



**3 Plean Gnímh**



**4 Monatóireacht & Measúnú**



**5 Obair Churaclaim**




**6 Eolas agus Rannpháirtíocht**




**7 Cód Glas**

**Tabhair faoi deara:** tá gach turas difriúil. Ní gá na céimeanna a dhéanamh in ord, agus is féidir roinnt céimeanna a dhéanamh arís más gá.

# 1 Coiste na Scoileanna Glasa



AIDHM: Tá sí mar aidhm ag Coiste na Scoileanna Glasa aghaidh a thabhairt ar gach céim de Chlár na Scoileanna Glasa agus iad a stiúradh. Is é ceann feadhna an chláir agus ba chóir go gcinnteodh sé go gcuirtear gach ceann de na Seacht gCéim i gcrích

## Comhdhéanamh agus Roghnú

Go hidéalach, ba cheart go mbeadh an coiste chomh hionadaíoch agus is féidir ar an scoil uile. Ba cheart gur mic léinn den chuid is mó a bheadh páirteach sa choiste (ag déanamh formhór na mball coiste chomh fada agus is féidir) agus ba cheart go mbeadh múinteoirí, an príomhoide nó ball den Bhord Bainistíochta páirteach ann, foireann neamhtheagaisc (feighlí na scoile go háirithe), tuismitheoirí agus aon bhall leasmhar agus infheidhme eile de phobal na scoile.

Chomh fada is a bhaineann le méid agus le hoibriú, níor cheart a ligean i ndearmad nach bhfuil aon fhoirm nó riail shonraithe ann do choiste rathúil. Go minic is iad oibrithe deonacha ó chuallacht na mac léinn mar aon le múinteoirí agus baill leasmhara eile den phobal a bhíonn páirteach sa choiste. I gcásanna áirithe, eagróidh scoileanna próiseas toghcháin iomlána le forógraí, óráidí toghcháin, canbhasáil, póstaeir thoghcháin agus ballóidí chun na poist éagsúla ar an gcoiste a líonadh! Ansin roghnaíonn formhór na meánscoileanna baill choiste ó na ranganna OSSP nó Idirbhliana atá ag díriú ar chlár na Scoileanna Glasa nó ar mhodúl den chineál céanna mar chuid dá n-obair chúrsa. Tá sé tábhachtach, áfach, a chinntiú go bhfuil na baill den choiste ar mic léinn iad chomh hionadaíoch agus is féidir ar na ranganna agus ar na haoisghrúpaí difriúla sa scoil. Chomh maith leis sin, cinnteoidh sé sin go mbeadh níos mó leanúnachais ag baint leis an gclár i gcaitheamh na mblianta.

D'fhéadfaí cineálacha éagsúla coistí a bhunú ag brath ar aois agus ar chumas na mac léinn. Oibríonn coiste foirmiúil nuair a sannadh róil dhifriúla do na baill, e.g. Cathaoirleach, Taifeadóir Miontuairiscí, Maor Ama srl. go maith fiú amháin nuair is mic léinn óga a bhí i gceist, ach tá coistí nach bhfuil chomh foirmiúil céanna ceart go leor má chomhlíonann siad an cuspóir céanna. Beag beann ar cé chomh neamhfhoirmiúil is atá an coiste, ba cheart go mbeadh sé ionadaíoch ar gach duine agus ba cheart taifid a choinneáil maidir le cruinnithe reáchtáilte agus cinntí déanta. (Iarrtar ort sampla de do mhiontuairiscí cruinnithe a chur ar fáil san fhoirm iarratais).

**Is é cuspóir an choiste:**

- A chinntiú go ndéantar na Seacht gCéim a ghlacadh agus a chur chun feidhme go rathúil.
- Freagracht a thabhairt do dhaltaí agus a chur ina luí orthu go mbíonn meas ar a gcuid smaointe.
- A chinntiú go n-éistfear le tuairimí gach ball de phobal na scoile agus go ndéanfar gníomh dá réir nuair is féidir.
- Leanúnachas an chláir a chinntiú
- Nasc a dhéanamh le bainistíocht na scoile agus leis an bpobal áitiúil.

# 2 Athbhreithniú Comhshaoil



**Aidhm: Is í aidhm an athbhreithnithe ná an staid thosaigh laistigh den scoil i ndáil an dtéama atá faoi bhfiosriú acu a shainaithint. (m.sh.bruscar & dramhaíl, fuinneamh srl.)**

## Athbhreithniú

Sula dtosaíonn tú ag smaoineamh ar na réitigh agus ar na gníomhartha, ní mór duit níos mó a fhoghlaim faoin bhfadhb. Is seicliosta neamhshonraithe é an t-athbhreithniú comhshaoil de gach gné de thionchar na scoile ar an gcomhshaol agus táthar ag díriú ar spriocanna, gníomhartha agus feabhsuithe a shainaithint.

Iarrtar ort na gníomhartha riachtanacha a chur i gcrích i gcomhair d'athbhreithnithe. Chomh maith leis sin, spreagtar scoileanna chun a gcuid smaointe féin a chur san áireamh agus a n-athbhreithniú comhshaoil féin a fhorbairt, chun teacht ar thuiscint iomlán ar fhadhb faoi leith atá láithreach sa scoil.

**Cabhraíonn an tAthbhreithniú Comhshaoil leat chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Staid thosaigh na scoile a mheas.
- Réimsí a bhféadfaí a fheabhsú a shainaithint.
- Eolas a fháil faoi dhul chun cinn Clár na Scoileanna Glasa
- Cabhrú le mic léinn agus leis an gcuid eile de phobal na scoile chun na tionchair a thuiscint.
- Cabhrú leis na gníomhartha atá le cur i bhfeidhm a eagrú in ord tosaíochta


**Go hachomair, maidir le d'Athbhreithniú Timpeallachta, ba cheart:**

- Cuntas soiléir a bheith ann ar thionchar timpeallachta na scoile maidir leis an téama sonrach (m.sh. an méid dramhaíola a rinneadh, an méid fuinnimh a úsáideadh, srl.) sula gcuirtear Clár na Scoileanna Glasa i bhfeidhm
- Ba cheart gurb iad na scoláirí a dhéanfaidh é nuair is féidir.

**Leid den Scoth!**

Déan íoslódáil ar fhoirm iarratais na dtéamaí ó www.greenschoolsireland.org/apply agus úsáidtear mar threoir chun na seacht gcéim a chur is gcrích.

# 3 Plean Gnímh



**Aidhm: is í aidhm an phlean gnímh ná spriocanna a aithint agus tráthchlár docht a chruthú chun tionchair chomhshaoil a sainaithníodh san athbhreithniú a laghdú.**

## Plean Gnímh

Is é an plean gnímh croílár Chlár na Scoileanna Glasa. Sraith de spriocanna sonracha clársceidealaithe atá ann chun feabhas a chur ar chúrsaí thar amscála socraithe. Ba cheart spriocanna inchainníochtaithe a leagan síos nuair is féidir e.g. Laghdú dramhaíola fá 50% i gceann sé mhí, Athchursáil 100% do channaí i gceann ocht mí, Laghdú úsáid fuinnimh fá 10% ón mblian roimhe, srl. Ba cheart an plean gnímh a fhorbairt i gcónaí ó thorthaí an athbhreithnithe comhshaoil.

Ba cheart an plean gnímh, más féidir, a bheith nasctha le hobair churaclaim agus ba cheart spriocanna réalaíocha agus indéanta a bheith aige. Ba cheart na spriocanna sin a bheith sonrach agus inchainníochtaithe nuair is féidir le dátaí beartaithe a léireoidh go bhfuil ag éirí go maith leo. Cuireann an rathúlacht le méadú an muiníne agus cruthaítear díograis maidir le spriocanna a leagan síos ina dhiaidh sin.

Tá sé ríthábhachtach go n-oibreoitear amach conas a dhéanfá monatóireacht agus tomhas ar an dul chun cinn agus ba cheart é seo a chomhlíonadh in san phlean gnímh. Maidir le cur i bhfeidhm an phlean gnímh, déan iarracht gach ball den choiste agus an oiread den scoil agus is féidir a bheith páirteach ann.

**Go hachomair, forbair do phlean mar seo a leanas:**

- Ba cheart é a forbairt bunaithe ar thorthaí d'athbhreithnithe.
- Bíodh spriocanna agus cuspóirí réalaíocha agus inchainníochtaithe ann agus curtha ar bharr an phlean;
- Ba cheart go mbeadh sé i bhformáid tábla (ar nós lth. 11), ba cheart an gníomh, an duine nó an grúpa freagrach a shainaithint, mar aon leis an tréimhse ama chun an obair a chur i gcrích.
- Le taispeáint ar chlár fógraí na Scoileanna Glasa;
- Mionatóireacht rialta a chur san áireamh, agus é a chur suas chun dáta nuair is gá.

### Leid den Scoth!

Ní athbhreithniú ar an obair atá déanta cheana a bhfuil sa phlean gnímh, ach liosta de chuspóirí agus de spriocanna do chláir amach anseo agus cur síos mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme (agus cé a chuirfidh chun feidhme iad) laistigh de thréimhsí ama sonracha chun na spriocanna sin a bhaint amach.

# Plean Gnímh Samplach le haghaidh Bruscair agus Dramhaíola

## Sprioc: Dramhaíl líonta talún na scoile a laghdú faoi 40% taobh istigh de shé mhí

| Gníomhaíochtaí: | Duine/Grúpa atá Freagrach as | Fráma ama | Bainte amach |
|---|---|---|---|
| Teagmháil a dhéanamh le soláthraí chun boscaí athchúrsála a fháil sa scoil | Feighlí | Le linn na seachtaine seo chugainn | ✓ |
| Teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil chun bosca múirín a fháil don scoil | Comhordaitheoir na Scoileanna Glasa | Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair | ✓ |
| Córas trí bhosca bruscair a eagrú sna seomraí ranga. | Comhordaitheoir na Scoileanna Glasa, Coiste Glas, An Fhoireann | Sa dá mhí amach romhainn. | ✓ |
| Uainchlár a eagrú do Mhaoir Bhruscair -uainchlár do dhaltaí chun na boscaí bruscair a sheiceáil agus cinnte a dhéanamh go bhfuil na boscaí bruscair folamh. | Coiste Glas, Gach rang . | Sa dá mhí amach romhainn. | ✓ |
| Póstaeir a dhearadh do na boscaí bruscair chun eolas a thabhairt do dhaltaí agus don fhoireann faoi na hábhair atá le dul isteach i ngach ceann | Rang 5 & 6 . | Faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair. | ✓ |
| 'Lá Saor ó Dhramhaíl' a eagrú sa scoil chun aird a tharraingt ar an méid bruscair a tháirgeann gach duine de ghnáth. | Coiste Glas agus comhordaitheoir . | Faoin 21 Samhain | ✓ |
| Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi aidhmeanna chlár na Scoileanna Glasa agus athchúrsáil a spreagadh sa bhaile - Nuachtlitir na Scoile. | an Príomhoide | Meán Fómhair | ✓ |
| Úsáid boscaí lóin a spreagadh ar scoil | Coiste Glas, múinteoirí, an príomhoide. | Leanúnach. | – |

# 4 Monatóireacht agus Measúnú



**Aidhm: Trí mhonatóireacht a dhéanamh ar do chlár Scoileanna Glasa cinnteofar go ndéanfar dul chun cinn i dtreo spriocanna a sheiceáil, leasuithe a dhéanamh nuair is gá agus rath a cheiliúradh.**

## Monatóireacht agus Measúnú

Beidh an mhonatóireacht agus an mheastóireacht a dhéanann tú mar bhonn le creidiúnacht do chláir Scoileanna Glasa. Mar a luadh roimhe seo, ba cheart an clár a fhorbairt comhthreomhar le do phlean gníomhaíochta. Chomh fada agus is féidir, ba cheart do na mic léinn díriú ar an monatóireacht. Ar an tslí sin, glacfaidh siad leis go bhfuil siad féin freagrach as an gclár (tá neart le déanamh ag na múinteoirí cheana féin!) Tá monatóireacht riachtanach chun réimsí i do phlean gníomhaíochta a shainaithint ar féidir iad a fheabhsú. Cabhraíonn sé sin le feidhmíocht agus le haiseolas a chur ar fáil faoi ghníomhartha amach anseo. Feabhsaíonn sé feasacht na scoile uile freisin trí aird a tharraingt ar an rath atá ar do chlár Scoileanna Glasa. Is féidir leis sin tacú le hardú meanman a thabhairt do gach duine maidir le gnóthachtálacha agus dul chun cinn go dtí seo agus le rannpháirtíocht a spreagadh ag leibhéal na scoile uile

## Tarraing aird ar do thorthaí

Féachaint chuige go gcoinnítear an scoil ar an eolas faoi aon dhul chun cinn a dhéantar. Chuige sin, cuir torthaí nó figiúirí ar taispeáint go feiceálach sa scoil (m.sh. ar chlár fógraí na Scoileanna Glasa, i nuachtlitir na scoile, in ionad tionóil na scoile, ar shuíomh gréasáin na scoile, srl.). Cuimhnigh gur chóir scéal mór a dhéanamh d'aon dul chun cinn a dhéantar.

### Leid den Scoth!

Is éasca a thuiscint a bhfuil i gceist leis an gclár monatóireachta má shamhlaítear é mar roinnt athbhreithnithe 'beaga'. Ceadaítear anois an t-aonad feidhmíochta a roghnaítear le haghaidh bhur athbhreithniú timpeallachta a úsáid sa phróiseas monatóireachta chomh maith (m.sh. líon boscaí bruscair atá á gcaitheamh i líonadh talún gach seachtain, costais leictreachais sa mhí, an méid uisce a úsáideann gach dalta gach bliain srl.). De bharr seo beifear in ann comparáid a dhéanamh go héasca le torthaí tosaigh bhur n-athbhreithnithe agus beifear in ann meastóireacht cheart a dhéanamh dá réir ar cé chomh maith agus atá ag éirí le do phlean gnímh.




# Monatóireacht agus Measúnú

**Go hachomair, tabhair aird ar na pointí thíos nuair a bhíonn monatóireacht agus meastóireacht á déanamh agat:**

- Ba cheart iad a fhorbairt comhthreomhar le do phlean gníomhaíochta;
- Ba cheart gurb iad na mic léinn a bheadh i mbun na mionatóireachta agus na meastóireachta nuair is féidir agus más féidir;
- Úsáid an t-aonad feidhmíochta céanna agus a d'úsáid tú do d'athbhreithniú comhshaoil ionas gur féidir comparáid a dhéanamh leis na figiúirí tosaigh, déan an ceistneoir céanna a rinneadh i mbliain 1 arís;
- Cuir an t-eolas sin san áireamh i do phlean gníomhaíochta chun réimsí coigeartuithe agus feabhsuithe a shainaithint a d'fhéadfaí a dhéanamh nuair agus áit is féidir;
- Cur leis an dóchúlacht (nó laghdaigh an méid ama a theastaíonn) go gcuirfear cuspóirí i gcrích a forbraíodh i do phlean gníomhaíochta;
- Tarraing aird ar an obair (e.g. taispeáin graif, cairteacha, etc. ar do chlár fógraí Scoileanna Glasa, nuachtlitir, etc.).







# 5 Obair Churaclaim



**AIDHM: Is í an aidhm ná clár na scoileanna glasa a himeascadh leis an gcuraclam chomh mór agus is féidir.**


Is é an prionsabal atá mar bhunchloch faoi Chlár na Scoileanna Glasa ná gur cheart go rachadh na hábhair thimpeallachta a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu sa seomra ranga i bhfeidhm ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an scoil ar fad. An topaic a roghnaíonn tú le staidéar a dhéanamh air, ba cheart dó, más féidir, feabhas a chur ar na gníomhaíochtaí timpeallachta (is é sin, do phlean gnímh) atá á gcur i gcrích ag do scoil.


Beidh rudaí níos ábhartha do na scoláirí dá bharr. Tá de mhianach i gClár na Scoileanna Glasa naisc churaclaim a dhéanamh le réimse leathan ábhar ag go leor leibhéal. Tugtar cuntas sa tábla ar leathanach 14 ar roinnt de na deiseanna sin. Tá cuid mhaith mhór de scoileanna tar éis saincheisteanna timpeallachta éagsúla a ghlacadh isteach sa churaclam cheana féin.


.


### Leid den Scoth!


Tugtar cuntas níos mionsonraithe i ngach leabhrán téamach faoi cén chaoi agus faoi cad iad na réimsí inar féidir le Clár na Scoileanna Glasa a nascadh leis an gcuraclam.














greenschoolsireland.org/resources Tuilleadh eolais agus acmhainní ar fáil

na Scoileanna Glasa

### OSIE (bunscoil) | Eolaíochtaí, Stair, Tíreolaíocht (meánscoil)

Staidéar a dhéanamh ar ábhair agus a n-airíonna

Cur chuige eolaíoch a fhorbairt maidir le fadhbréiteach

Tacú le smaointe a chur in iúl, tuarascálacha a scríobh agus cur i láthair a dhéanamh

Tuiscint chriticiúil ar shaincheisteanna timpeallachta go háitiúil agus go domhanda a fhorbairt

Staidéar a dhéanamh ar thimpeallachtaí daonna agus nádúrtha (acmhainní a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe srl.)

An tionchar a bhí ag an timpeallacht ar shláinte daoine le linn tréimhsí éagsúla sa stair a chíoradh

### Ceol agus ealaín

Athúsáid a bhaint as seanábhair chun uirlisí a dhéanamh

Póstaeir/múrphictiúir/ faisean a chruthú chun cabhrú le feasacht timpeallachta

### OSPS (Bunscoil) | OSSP (Meánscoil)

Forbairt phearsanta agus folláine a chur chun cinn.

Saoránacht agus braistint freagrachta pearsanta agus sóisialta a fhorbairt.

Cumarsáid, comhar agus comhoibriú le daoine eile a chur chun cinn.

Feasacht ar na meáin a spreagadh

### Teangacha

Foinse na dtopaicí le haghaidh aistí, filíocht, etc.

Scileanna cumarsáide, caint phoiblí, díospóireachtaí a chur chun cinn.

Féidearthacht i dtaca le cuid mhór gníomhaíochtaí a bhaineann le labhairt agus scríbhneoireacht.

### Mata

An deis a thapú anailís mhatamaiticiúil a dhéanamh ar chásanna ón bhfíorshaol.

Cairteacha agus graif a úsáid; buneolas a chur ar bhainistiú bunachar sonraí agus ar chúrsaí TF.

Is naisc dhíreacha leis an gcuraclam na samplaí thuas. Is liosta le háireamh, áfach, na naisc indíreacha is féidir a dhéanamh le gach réimse eile den churaclam.

### Go hachomair, ba chóir Clár na Scoileanna Glasa:

- a bheith fite isteach sa churaclam san oiread sin ábhar agus ag an oiread sin leibhéal agus is féidir;
- á úsáid chun an scoil ar fad a chur ar an eolas faoi chúrsaí timpeallachta agus chun pobal na scoile a spreagadh chun gnímh.

# 6 Eolas agus Rannpháirtíocht



**Aidhm: Teachtaireacht na Scoileanna Glasa a scaipeadh ar fud na scoile agus an phobail i gcoitinne trí phoiblíocht leanúnach agus trí 'Lá Gníomhaíochta' na scoile uile.**

## Eolas a Roinnt agus Deis Rannpháirtíochta a Thabhairt

Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil neart poiblíochta déanta ar ghníomhartha agus ar imeachtaí atá eagraithe. Cabhraíonn sé sin chun rannpháirtíocht uasta na ngrúpaí difriúla páirteach a chinntiú. I measc na modhanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun eolas a roinnt le pobal na scoile agus leis an bpobal trí chéile tá:

- Clár fógraí speisialta do na Scoileanna Glasa in áit a mbeidh mic léinn agus cuairteoirí in ann é a fheiceáil.
- Úsáid a bhaint as aip scoile, na meáin shóisialta chun poiblíocht a dhéanamh ar an gclár, nó más féidir, nuachtlitir shonrach a chruthú do na Scoileanna Glasa.
- Úsáid a bhaint as tionóil chun eolas maidir le spriocanna a bheith á gcomhlíonadh á roinnt nó chun deis a thabhairt do mhic léinn a gcuid taighde agus torthaí a roinnt
- Obair thionscadail a thaispeáint, sa scoil agus sa phobal i gcoitinne. Leas a bhaint as raidio agus poblacht áitiúla.

**Leid den scoth:**

Téigh i dteagmháil le baill foirne nuachtán na háite agus fiafraigh díobh cuntas (inste ag na scoláirí) a fhoilsiú faoi na bealaí ina bhfuil ag éirí le Clár Scoileanna Glasa do scoile.

## Lá Gníomhaíochta

Gné riachtanach é an 'Lá Gníomhaíochta' agus deis do na mic léinn, na baill foirne agus don phobal trí chéile teacht le chéile chun obair a dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha amach i do phlean. D'fhéadfaí a leithéid a dhéanamh i gcomhar le tionscadail áitiúla nó náisiúnta (e.g. Bailte Slachtmhara, Glantachán Náisiúnta an Earraigh, Cóstaí Glana, Seachtain na gCrann, etc.).

**I measc bhuntáistí an 'Lá Gníomhaíochta' tá:**

- Feasacht ar Scoileanna Glasa a mhúscailt laistigh agus lasmuigh den scoil.
- Is féidir deis rannpháirtíochta a thabhairt do thuismitheoirí, comharsana, gnóthaí áitiúla agus an tÚdarás Áitiúil. Is féidir leo comhairle agus cúnamh praiticiúil a thabhairt.

**Go hachomair, nuair atáthar ag iarraidh an scoil agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas agus iad a thabhairt isteach sa obair, ba cheart:**

- A chinntiú go gcoinnítear an scoil agus an pobal i gcoitinne go hiomlán ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le Clár na Scoileanna Glasa;
- féachaint chuige go scaiptear an scéal tríd a oiread foinsí meán agus is féidir, m.sh. teilifís, an t-idirlíon, raidió, nuachtlitir na scoile, clár fógraí, srl.
- féachaint chuige go spreagtar scoileanna eile agus a lán daoine den phobal chun páirt a ghlacadh i gClár na Scoileanna Glasa.

# 7 Cód Glas




**Aidhm: Na cuspóirí a léiríonn tiomantas na scoile do ghníomhartha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a lua.**

Ba cheart don oiread mac léinn agus ball foirne agus is féidir comhaontú leis an gCód Glas agus ba cheart go mbeadh sé gaolta leis an bplean gníomhaíochta agus leis an obair churaclaim. Ba cheart an cód a thaispeáint in áit fheiceálach (e.g. do chlár fógraí Scoileanna Glasa). Tá sé tábhachtach go mothódh mic léinn go bhfuil baint acu le forbairt an chóid seo, de bhrí go gciallóidh sé sin go mbeidh cúis níos fearr acu spéis a léiriú ann agus go mbeidh siad spreagtha chun é a leanúint. Bhain go leor scoileanna úsáid as comórtas chun a gCód Glas a fhorbairt. Is bealach maith é seo freisin chun eolas a roinnt leis an scoil uile agus chun deis rannpháirtíochta a thabhairt don scoil uile.


Chomh fada agus a bhfuil níos mó teáma Scoileanna Glasa ar bhun, is féidir le ráiteas breise a chur le Cód Glas na scoile. Cabhróidh sé seo na téamaí nua a cur is bhfeidhm go rathúil.

Is féidir an Cód Glas a chur ar fáil don Phreas Áitiúil agus don phobal i gcoitinne.

**Leid den Scoth!**

Tá an Cód Glas go hiontach chun aird a tharraingt agus, nuair atá aird daoine agat, tá sé níos éasca iad a chur ar an eolas agus iad a thabhairt isteach san obair. Rinne roinnt scoileanna **'rap', dán nó mana** dá gCód Glas le go mbeadh sé éasca do gach dalta agus ball foirne cuimhneamh air.

**Bealach eile inar féidir é seo a fhorbairt ná neamónach nó acrainm a chumadh sa chaoi go litríonn an chéad litir de gach líne den chód glas gné den chód nuair a chuirtear le chéile iad (tá samplaí le fáil thíos).**



# Próiseas Iarratais



**Sular féidir le scoil iarratas a dhéanamh ar bhrat Scoileanna Glasa do scoile a athnuachan, ní mór na critéir seo a leanas a chomhlánú:**

1. Tá tú cláirithe le Clár na Scoileanna Glasa de chuid an Taisce.
2. Tá tú ag tabhairt faoi do dhara bliana scoile ag obair ar do théama reatha
3. Tá Seacht gCéim Chlár na Scoileanna Glasa curtha i gcrích agat.
4. Tá Athbhreithniú Comhshaoil curtha i gcrích agat.
5. Tá Plean Gníomhaíochta forbartha agat i láthair na huaire, le spriocanna don todhchaí.

## Foirm Iarratais

Tá foirmeacha iarratais ar líne na Scoileanna Glasa ar fáil ó greenschools.submit.com. Chun rochtain a fháil ar na foirmeacha, roghnaigh '**cuir iarratas isteach'** ó roghchlár an tsuímh gréasáin. Is féidir na foirmeacha ar líne a rochtain tráth ar bith agus sábhálfar do chuid sonraí go dtí go mbeidh tú réidh chun an t-iarratas a chur isteach.

Leis na foirmeacha, beidh tú in ann do dhoiciméid féin a uaslódáil freisin: Plean Gníomhaíochta, miontuairiscí ó chruinnithe coiste agus obair churaclaim mar aon le doiciméid tacaíochta nó íomhánna ar bith is mian leat a roinnt leis na Scoileanna Glasa.

## Spriocdháta

**Ní mór iarratais nua ar an gcéad bhratach a chur isteach roimh an 1 Nollaig gach bliain.**

Nuair a sheolann tú foirm iarratais do scoile chuig ár n-oifig, breathnóidh ball d'fhoireann na Scoileanna Glasa ar d'iarratas. Rachaidh duine i dteagmháil leat ansin chun cúpla moladh a thabhairt faoi do chlár, b'fhéidir, nó chun breis eolais a iarraidh má tá aon eolas in easnamh nó doiléir. Luafar tréimhse ama faoinar ghá aon eolas atá in easnamh a chur isteach. Nuair a bheidh d'iarratas faofa, tabharfaidh Measúnóir cuairt ar do scoil. Is deis í an chuairt seo chun an obair iontach atá ar siúl i do scoil a thaispeáint. Tar éis na cuairte measúnaithe, déanfaimid teagmháil le do scoil maidir le Gradam na Brataí Glaise.

Nuair a bhronntar Bratach Ghlas oraibh den chéad uair, beidh oraibh í a athnuachan gach dhá bhliain as sin amach faoi théama difriúil chun stádas na Brataí Glaise a choinneáil. Seolfar eolas faoi do théama nua chuig bhur scoil sa mhí Mheán Fómhair i ndiaidh do Bhratach Ghlas a bhronnadh ar do scoil. Má tharlaíonn sé riamh nach bhfaigheann sibh an t-eolas, ná bíodh leisce oraibh dul i dteagmháil lenár n-oifig agus beimid lánsásta an t-eolas a sheoladh chugaibh arís.

# Próiseas Athnuachana



**Sular féidir le scoil iarratas athnuachana a dhéanamh ar bhrat Scoileanna Glasa, ní mór na critéir seo a leanas a chomhlánú:**

1. I láthair na huaire, tá sibh ag tabhairt faoin dara bliain ag obair ar do théama reatha.

2. Lean sibh ar aghaidh le hobair óna téamaí roimhe seo.

3. Tá Seacht gCéim an Chláir Scoileanna Glasa curtha i gcrích agaibh.

4. Tá Athbhreithniú Comhshaoil curtha i gcrích agaibh.

5. Tá Plean Gníomhaíochta forbartha agaibh, le spriocanna don todhchaí.

6. Tugadh cuairt Athnuachana amháin ar a laghad oraibh.

Ní mór na critéir thuasluaite ar fad a chomhlíonadh sular féidir leat iarratas a dhéanamh chun bhur mBrat Glas a athnuachan.

## Foirm Iarratais

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar suíomh gréasáin na Scoileanna Glasa ó greenschools.submit.com.

Chun rochtain a fháil ar na foirmeacha, roghnaigh **cuir iarratas** isteach ó roghchlár an tsuímh gréasáin. Is féidir na foirmeacha ar líne a rochtain tráth ar bith agus sábhálfar do chuid sonraí go dtí go mbeidh tú réidh chun an t-iarratas a chur isteach.

Leis na foirmeacha, beidh tú in ann do dhoiciméid féin a uaslódáil freisin: Plean Gníomhaíochta, miontuairiscí ó chruinnithe coiste agus obair churaclaim mar aon le doiciméid tacaíochta nó íomhánna ar bith is mian leat a roinnt leis na Scoileanna Glasa.

## Spriocdháta

Ní mór foirmeacha iarratais a chur isteach faoi mhí an Mhárta gach bliain. Seiceáil le do thoil suíomh gréasáin na Scoileanna Glasa chun an dáta cruinn a fháil. Próiseálfar foirmeacha iarratais a fhaightear i ndiaidh an dáta sin an scoilbhliain dár gcionn.

Nuair a chuireann tú bhur n-iarratas scoile isteach, breathnóidh foireann na Scoileanna Glasa air agus rachfar i dteagmháil leat má tá aon fhaisnéis in easnamh nó doiléir.

## Cuairt Athnuachana

Chun do bhrat a athnuachan, beidh ort cuairt athnuachana a shocrú ag pointe éigin le linn an dara bliain ina bhfuil tú ag obair ar do théama. Ní mór an chuairt a dhéanamh sula gcuirfidh tú isteach d'fhoirm iarratais athnuachana. Is é cuspóir na cuairte ná go bhfeicfimid go bhfuil clár gníomhach Scoileanna Glasa i bhfeidhm agaibh.

Ní gá duit gach céim a bheith curtha i gcrích roimh an gcuairt athnuachana, agus cuimhnigh gur clár fadtéarmach, leanúnach é na Scoileanna Glasa.

Chun do chuairt athnuachana a eagrú, déan teagmháil le hOifig na Scoileanna Glasa.

### Má éiríonn le d'iarratas, gheobhaidh do scoil:

- Cuireadh chun freastal ar Shearmanas Bronnta na nDámhachtainí Scoileanna Glasa, áit a mbronnfar Brat Glas agus Teastas ar do scoil.

### Mura n-éiríonn leis:

- Seolfar litir chuig do scoil ina dtabharfar sonraí faoi na cúiseanna nár bronnadh an brat ar an ócáid seo.

# Nótaí:

## Nótaí:

Clár na Scoileanna Glasa
Uimh: 01 400 2222
R-phost: info@greenschoolsireland.org
www.greenschoolsireland.org

An Taisce
*The National Trust for Ireland*

**Le tachaíocht ó:**

An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
Department of Climate, Energy and the Environment

WRIGLEY
A Subsidiary of Mars, Incorporated

Údaráis Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta